



## AN TOMBUDSMAN EORPACH

Déanann an tOmbudsman Eorpach fiosrúcháin ar chásanna drochriaracháin ar pháirt institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh, ag gníomhú dó nó di ar a thionscnamh nó a tionscnamh féin nó ar bhonn gearán ó shaoránaigh AE nó ó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cónaí orthu nó a bhfuil oifig cláraithe acu i mBallstát. Déanann Parlaimint na hEorpa an tOmbudsman a thoghadh ar feadh thréimhse an téarma pharlaimintigh.

### BUNÚS DLÍ

Airteagal 20, Airteagal 24 agus Airteagal 228 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus Airteagal 43 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

Léirigh an Pharlaimint stádas agus dualgais an Ombudsman go soiléir i gcinneadh an 9 Márta 1994 a glacadh tar éis di dul i gcomhairle leis an gCoimisiún agus le formheas ón gComhairle<sup>[1]</sup>. Ghlac an tOmbudsman forálacha, ansin, lenar cuireadh an cinneadh sin chun feidhme. Leagtar síos i Rialacha 231 go 233 de Rialacha Nós Imeachta na Parlaiminte na nósanna imeachta maidir leis an Ombudsman a thoghadh agus a chur as oifig.

### CUSPÓIRÍ

Arna bunú ag Conradh Maastricht (1992), tá sé mar chuspóir ag comhlacht an Ombudsman Eorpaigh:

- Feabhas a chur ar chosaint na saoránach nó aon duine nádúrtha nó dlítheanach a bhfuil cónaí orthu nó a bhfuil oifig cláraithe acu i mBallstát i ndáil le cásanna drochriaracháin ar pháirt institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh; agus
- Ar an tslí sin, oscailteacht agus cuntasacht dhaonlathach a fheabhsú maidir le cinnteoireacht agus riar institiúidí an Aontais Eorpaigh.

[1] IO L 113, 4.5.1994, Ich. 15 – arna leasú ag cinníí ó Pharlaimint na hEorpa an 14 Márta 2002 (IO L 92, 9.4.2002, Ich. 13) agus an 18 Meitheamh 2008 (IO L 189, 17.7.2008, Ich. 25)



## **A. Stádas**

### **1. Toghadh**

#### **a. Ceanglais**

##### An tOmbudsman

- Ní mór dó nó di na coinníollacha is gá a chomhlíonadh chun an oifig bhreithiúnach is airde a fheidhmiú ina thír féin nó ina tír féin nó an saineolas riachtanach a bheith aige nó aici chun dualgais an Ombudsman a chomhlíonadh i gceart;
- Ní mór dó nó di a áirithiú go bhfuil sé nó sí go hiomlán neamhspleách.

#### **b. Nós imeachta**

Ag tús gach téarma pharlaimintigh, nó i gcás ina bhfaigheann an tOmbudsman bás, ina n-éiríonn sé as oifig nó ina gcuirtear as oifig é, iarrfaidh Uachtarán Parlaimint na hEorpa ainmniúcháin i gcomhair oifig an Ombudsman agus socróidh sé teorainn ama leis na hainmniúcháin sin a thíolacadh. Maidir le hainmniúcháin, ní mór tacaíocht a bheith acu ó 40 Feisire ar a laghad ó dhá Bhallstát ar a laghad. Seoltar ainmniúcháin chuig an gCoiste um Achainíocha de chuid Parlaimint na hEorpa, a dhéanann breithniú ar a n-inghlacthacht. Féadfaidh an Coiste a iarraidh éisteacht leis na hainmnithe. Cuirtear liosta d'iarrthóirí inghlactha chun vóta sa Parlaimint ansin. Déantar an tOmbudsman a thoghadh de réir thromlach na vótaí a chaitear.

### **2. Téarma oifige**

#### **a. Fad**

Déanann Parlaimint na hEorpa an tOmbudsman a thoghadh tar éis gach toghcháin Eorpaigh ar feadh thréimhse a reachtais. Féadfar é nó í a atoghadh.

#### **b. Oibleagáidí**

##### An tOmbudsman

- Ní mór dó nó di a bheith go hiomlán neamhspleách maidir le feidhmiú a chuid dualgas nó a cuid dualgas chun leasa an Aontais agus a shaoránach agus a chónaitheoirí nádúrtha nó dlítheanacha;
- Ní ceadmhach dó nó di glacadh le treoracha ó aon rialtas, institiúid, comhlacht, oifig nó eintiteas;
- Ní mór dó nó di staonadh ó aon ghníomh nach luíonn leis an oifig;
- Ní cheadmhach dó nó di gabháil d'aon slí bheatha pholaitiúil, riaracháin nó phroifisiúnta eile, bíodh sí sochrach nó ná bíodh.

### **3. Briseadh as Oifig**

Féadfaidh Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CJEU) an tOmbudsman a chur as oifig ar iarraidh ó Parlaimint na hEorpa mura gcomhlíonann sé nó sí na coinníollacha is gá a thuilleadh chun dualgais an phoist a fheidhmiú nó má bhí sé nó sí ciontach i mí-iompar tromchúiseach.



## **B. Ról**

### **1. Raon feidhme**

Bíonn an tOmbudsman ag plé le cásanna drochriaracháin ar pháirt institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh.

**a.** Féadfaidh an tOmbudsman a chinneadh go bhfuil drochriarachán i gceist má mhainníonn institiúid an méid seo a leanas a urramú:

- Cearta bunúsacha;
- Rialacha nó prionsabail dhlíthiúla;
- Prionsabail an dea-riaracháin.

Baineann fiosrúcháin an Ombudsman leis an méid seo a leanas go príomha:

- Trédhearcacht/cuntasacht;
- Cultúr seirbhíse;
- Urraim do chearta nós imeachta;
- Úsáid cheart an chórais lánrogha;
- Urraim do chearta bunúsacha;
- Earcaíocht;
- Dea-bhainistiú ar shaincheisteanna maidir le pearsanra AE;
- Bainistiú fóna airgeadais;
- Eitic;
- Rannpháirtíocht phoiblí i gcinnteoireacht an Aontais.

Baineann thart ar aon trian de na fiosrúcháin a dhéanann an tOmbudsman gach bliain le heaspa faisnéise nó le soláthar faisnéise a dhiúltú.

### **b. Eisceachtaí**

Níl na hábhair seo a leanas ar áireamh:

- Caingean a dhéanann CBAE agus an Chúirt Ghinearálta agus iad ag gníomhú dóibh ina ról breithiúnach. Ní bhaineann fiosrúcháin an Ombudsman i ndáil le CBAE ach le gníomhaíochtaí neamhbhreithiúnacha, mar shampla, tairiscintí, conarthaí agus cásanna foirne;
- Gearáin i gcoinne údaráis áitiúla, réigiúnacha nó náisiúnta, fiú nuair a thagraíonn na gearáin sin d'ábhair a bhaineann leis an Aontas Eorpach;
- Caingne a dhéanann na cúirteanna náisiúnta nó na hombudsmain náisiúnta: ní fhónann an tOmbudsman mar chúirt achomhairc i gcoinne cinntí arna nglacadh ag na comhlachtaí seo;
- Aon chásanna nach ndeachaigh trí na nósanna imeachta riaracháin iomchuí laistigh de na heagraíochtaí lena mbaineann;
- Gearáin i gcoinne oifigigh AE maidir lena n-iompraíocht.



## 2. Tarchuir

Déanann an tOmbudsman fiosrúcháin, a bhfuil call leo dar leis nó léi ar a thionscnamh nó ar a tionscnamh féin nó ar bhonn gearán arna gcur faoina bhráid nó faoina bráid ag saoránaigh AE nó ag aon duine nádúrtha nó aon duine dlíthiúil a bhfuil cónaí orthu i mBallstát nó a bhfuil a n-oifig chláráithe i mBallstát, go díreach nó trí Fheisire de Pharlaimint na hEorpa, ach amháin má tá nó má bhí na fíorais a líomhnaítear ina n-ábhar d'imeachtaí dlíthiúla.

## 3. Cumhachtaí fiosrúcháin

Is féidir leis an Ombudsman faisnéis a iarraidh ó:

- Institiúidí agus comhlachtaí, nach mór dóibh géilleadh agus rochtain a thabhairt ar na comhaid lena mbaineann, ach amháin mura féidir leo déanamh amhlaidh ar fhorais sicréideachta chúí-réasúnaithe;
- Oifigigh nó baill foirne eile na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí sin, a bhfuil ceangal orthu fianaise a thabhairt ar iarraidh ón Ombudsman, cé go leanfaidh siad de bheith faoi réir a ndualgas sicréideachta gairmiúla;
- Údaráis na mBallstát, nach mór dóibh géilleadh mura rud é go dtoirmisctear dualgas nocht den sórt sin de réir dlí nó rialacháin; fiú i gcásanna den sórt sin, áfach, is féidir leis an Ombudsman an fhaisnéis a fháil faoin tuiscint nach gcuirfear ar aghaidh chuig tríú páirtí í.

Mura bhfaigheann an tOmbudsman an cúnamh a iarrtar, cuireann sé nó sí é sin in iúl don Pharlaimint, a dhéanann an ghníomhaíocht iomchuí. Is féidir leis an Ombudsman oibriú i gcomhar lena chontrapháirtithe nó lena contrapháirtithe sna Ballstáit, faoi réir fhorálacha an dlí náisiúnta lena mbaineann. Más rud é go ndealraíonn sé go mbaineann an fhaisnéis le hábhar dlí coiriúil, áfach, tugann an tOmbudsman fógra don údarás náisiúnta inniúil agus don Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF). Más iomchuí, féadfaidh an tOmbudsman fógra a thabhairt don institiúid AE a bhfuil an t-oifigeach nó comhalta den fhoireann freagrach di.

## 4. Toradh na bhfiosrúchán

Nuair is féidir, feidhmíonn an tOmbudsman i gcomhar leis an institiúid nó an comhlacht lena mbaineann chun teacht ar réiteach atá sásúil don ghearánach. I gcás ina suíonn an tOmbudsman go raibh drochriarachán i gceist, cuirtear a mholtaí nó a moltaí ar aghaidh chuig an institiúid nó chuig an gcomhlacht lena mbaineann, a bhfuil trí mhí acu ansin chun a gcuid tuairimí a chur in iúl don Ombudsman. Mura nglacann an institiúid leis na moltaí a bheartaítear, is féidir leis an Ombudsman tuarascáil a tharraingt suas lena cur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa, ar a seal, tuarascáil a tharraingt suas ar an tuarascáil speisialta arna tíolacadh ag an Ombudsman. Ar deireadh, cuireann an tOmbudsman toradh an fhiosrúcháin, an tuairim arna tabhairt ag an institiúid nó ag an comhlacht lena mbaineann agus aon mholtaí pearsanta in iúl don ghearánach.



### C. Riarachán

Faigheann an tOmbudsman cúnamh ó rúnaíocht, a bhfuil a comhaltaí foirne faoi réir rialacha na Seirbhíse Sibhialta Eorpaí. Déanann an tOmbudsman ceann na rúnaíochta a cheapadh.

### D. Gníomhaíochtaí

Rinne an chéad Ombudsman, Jacob Söderman, dhá théarma oifige, ó mhí Iúil 1995 go dtí an 31 Márta 2003. Le linn a théarma, rinne an Pharlaimint an Cód Eorpach um Dhealomptraíocht Riaracháin a fhorghrú (in 2001). Is cód nós imeachta atá sa chód ina gcuirtear prionsabail dhlí riaracháin an Aontais san áireamh atá le fáil i gcásdlí CBAE agus tá sé faoi anáil freisin ag dlíthe náisiúnta. Baineann an tOmbudsman úsáid as an gcód seo agus imscrúdú ar bun aige nó aici chun a fháil amach an raibh drochriarachán ann, ag baint leas as forálacha an chóid ina chuid fiosrúchán nó ina cuid fiosrúchán. Ina theannta sin, feidhmíonn an Cód mar threoir agus mar acmhainn d'oifigigh AE, rud a spreagann na caighdeáin is airde riaracháin.

Ba é Nikiforos Diamandouros an tOmbudsman Eorpach ó Aibreán 2003 go dtí an 14 Márta 2013, nuair a d'éirigh sé as le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2013. An 11 Iúil 2006, rinne an tOmbudsman moladh a thíolacadh maidir le coigeartuithe ar Reacht an Ombudsman, a raibh an Coiste um Achainíochta, an Pharlaimint agus an Chomhairle mar thaca leis. Rinneadh leasú ar an Reacht chun ról an Ombudsman a neartú agus a shoiléiriú, mar shampla a mhéid a bhaineann le rochtain ar dhoiciméid agus le fógra faoi fhaisnéis do OLAF nuair a d'fhéadfadh sé teacht faoina chúram.

Chuaigh Emily O'Reilly, an t-iar-Ombudsman Éireannach, i mbun oifige mar Ombudsman Eorpach an 1 Deireadh Fómhair 2013 tar éis di a bheith tofa ag Parlaimint na hEorpa le linn an pháirtseisiúin i mí Iúil 2013 agus athdhearbhaíodh í faoi dhó, tar éis thoghcháin Parlaimint na hEorpa in 2014 agus in 2019. D'fheabhsaigh sí feiceálacht ról an Ombudsman trí dhírú ar na saincheistanna is ábhartha do shaoránaigh, trína áirithiú go mbaineann AE amach na caighdeáin is airde maidir le riarachán, trédhearcacht agus eitic. Chuir sí an trédhearcacht chun cinn i bpróiseas cinnteoireacht an Aontais agus go háirithe i gcruinnithe tríthaobhacha agus sa Chomhairle, agus maidir le brústocaireacht, sainghrúpaí, gníomhaireachtaí AE (amhail Gníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta, Frontex) agus caibidlíochtaí idirnáisiúnta (amhail an Chomhpháirtíocht Thrasatlantach Trádála agus Infheistíochta, TTIP) chomh maith. Chomh maith leis sin, d'oibrigh sí chun feabhas a chur ar na rialacha a bhaineann le sceithreacht, leis an Tionscnamh Eorpach ó na Saoránaigh agus le míchumas. Scrúdaigh sí freisin cásanna drochriaracháin maidir le ceapadh iar-Ardrúnaí an Choimisiúin.

## RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Cé go bhfuil sé nó sí go hiomlán neamhspleách maidir lena chuid dualgas nó lena cuid dualgas a fheidhmiú, is ombudsman parlaiminteach é an tOmbudsman. Is é seo an fáth a bhfuil Airteagal 228 CFAE luaite i gCaibidil 1, a bhaineann le Parlaimint na hEorpa. Tá dlúthchaidreamh ag an Ombudsman leis an bParlaimint, a bhfuil de chumhacht aici, agus aici amháin, an tOmbudsman a thoghadh agus a iarraidh ar CBAE an tOmbudsman a chur as oifig. Leagann an Pharlaimint síos na rialacha lena rialaítear



feidhmiú a dhualgas nó a dualgas, tugann sí cúnamh d'fhiosrúcháin agus faigheann sí a chuid tuarascálacha nó a cuid tuarascálacha. Déanann an Coiste um Achainíocha tuarascáil a tharraingt suas gach bliain, ar bhonn na Rialacha Nós Imeachta (Riail 232), maidir leis an tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí an Ombudsman. Sna tuarascálacha sin, chuir sé a thacaíocht iomlán in iúl arís is arís eile d'obair an Ombudsman agus leag sé béim air gur cheart d'institiúidí AE comhoibriú go hiomlán leis an Ombudsman Eorpach chun trédhearcacht agus cuntasacht an Aontais a mhéadú, go háirithe trína mholtaí nó trína moltaí a chur chun feidhme. An 12 Feabhra 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa dréachtrialachán ina ndéantar reacht nuashonraithe an Ombudsman a mholadh, a bhfuil sé d'aidhm aige neamhspleáchas agus cumhachtaí an Ombudsman a neartú. D'eisigh an Coimisiún a thuairim an 31 Deireadh Fómhair 2019. Cuireadh an comhad faoi bhráid na Comhairle le haghaidh toilithe, d'fhonn glacadh críochnaitheach ag an bParlaimint.

Ottavio Marzocchi  
12/2020

